Ciarraí
Kerry

Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022

Culture and Creativity Strategy 2018–2022

The Gift
by Brendan Kennelly
(File Ciarraíoch / Kerry Poet)

It came slowly.
Afraid of insufficient self-content
Or some inherent weakness in itself
Small and hesitant
Like children at the tops of stairs
It came through shops, rooms, temples,
Streets, places that were badly-lit.
It was a gift and took me unawares
And I accepted it.

From Familiar Strangers
New and Selected Poems 1960-2004,
Bloodaxe Books 2004.

Ábhar
Contents

1 Réamhrá an Chathaoirligh
Cathaoirleach's Foreword

2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
Chief Executive's Foreword

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCiarraí
Culture and Creativity in Kerry

4 Fís Éire Ildánach do Chiarraí
The Creative Ireland Vision for Kerry

5 Luachanna Éire Ildánach i gCiarraí
The Creative Ireland Values in Kerry

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chiarraí
Strategic Priorities for Kerry

7 Cur i bhFeidhm agus Tomhas
Implementation and Measurement

1 Réamhrá an Chathaoirligh
Cathaoirleach's Foreword

CABHRAÍONN ÉIRE ILDÁNACH Chiarraí lenár n-earnáil uathúil chultúir agus chruthaitheachta fás agus í féin a chur in iúl. Tugaimid acmhainní don chruthaitheacht i ngach earnáil le go n-imreoidh sí tionchar cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch níos mó ar an saol sa chontae. Leis an gclár seo, i ngach roinn den Údarás Áitiúil, beifear in ann ról níos mó a thabhairt don chruthaitheacht i réimsí éagsúla amhail forbairt pobail agus eacnamaíoch, leabharlanna agus oidhreacht, turasóireacht agus an Ghaeilge. Le traidisiún agus cruthaitheacht láidir Chiarraí tá bonn daingean ann cheana féin. Tá earnáil bhríomhar ealaíon traidisiúnta anseo cheana féin chomh maith le hearnáil ealaíon chomhaimseartha cheannródaíoch. Is mór againn ár bpobail agus tuigimid go maith go gcuireann an chruthaitheacht go mór le tarraingteacht áite le cónaí ann, oibriú ann nó cuairt a thabhairt air. I gcaitheamh shaolré na straitéise seo neartóimid clár Éire Ildánach Chiarraí lena chinntiú go mbainfear amach an mhór-aidhm, is é sin an chruthaitheacht a chumasú i ngach pobal. Aithnímid go bhféadfadh an chruthaitheacht ról físeach a bheith aici maidir leis an tslí ina ndéanaimid seirbhísí agus deiseanna a phleanáil, a oibriú agus a sheachadadh do mhuintir Chiarraí. Le rochtain níos mó a thabhairt ar an gcruthaitheacht táimid ag obair ar mhaithe le caighdeán saoil níos fearr a chruthú do mhuintir Chiarraí.

Cathaoirleach Norma Foley
Méara Chiarraí

CREATIVE IRELAND KERRY helps to grow and communicate our county's unique creative sector. By resourcing and valuing the central role of creativity across all sectors we promote a greater cultural, social and economic impact in our county. The work programme, across departments in the Local Authority, will enable a greater creative role in areas from community, economic development to libraries to arts to heritage, tourism and Irish language. Kerry's strong tradition of creativity provides a good base. We have a thriving traditional arts sector as well as a very forward thinking contemporary arts sector. We value our communities and understand that creative communities are attractive places to live, work and visit. Over the lifetime of this strategy we will strengthen the Creative Ireland Kerry programme to ensure delivery of the overarching aim of enabling creativity in every community. We acknowledge the visionary role that creativity can play in transforming how we plan, operate and deliver services and opportunities for the people of Kerry. By enabling greater access to creativity, we are working for a better quality of life for the people of Kerry.

Cathaoirleach Norma Foley
Mayor of Kerry

2 Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh
Chief Executive's Foreword

TÁ TACAÍOCHT IOMLÁN ag Éire Ildánach Chiarraí ó Chomhairle Contae Chiarraí. Tuigimid an luach atá le cláir a chumasú a léiríonn agus a chuireann chun cinn an saibhreas cruthaitheachta inár gcontae. Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí, gach roinn di, chun an leibhéal rannpháirtíochta i gClár Éire Ildánach a ardú i measc ár saoránach. Tá a fhios againn a thábhachtaí is atá na healaíona agus an chruthaitheacht dár bpobail agus dár scoileanna agus cothófar an chruthaitheacht sin lenár n-acmhainní, le comhpháirtíochtaí agus le rannpháirtíocht na saoránach. Craobhscaoilfidh Éire Ildánach Chiarraí ár gcultúr beo agus ár bhféiniúlacht féin.

Is cuid thábhachtach den straitéis seo go gcinnteoimid-ne, Comhairle Contae Chiarraí, go gcothófar Éire Ildánach Chiarraí sna réimsí uile den Údarás Áitiúil. Beidh an cultúr agus an chruthaitheacht le sonrú i ngach réimse d'obair an Údaráis Áitiúil.

Tiocfaidh sé seo chun cinn sna blianta amach romhainn agus sinn ag tnúth go mór le bheith lán-rannpháirteach san obair ionas go mbeidh tionchar ár gcuid oibre ar chlár Éire Ildánach le brath le fada an lá.

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chiarraí

CREATIVE IRELAND KERRY has the full support of Kerry County Council. We understand the value of enabling programmes which reflect and promote the creative wealth of our county.

Kerry County Council will work, across departments to raise levels of engagement with the Creative Ireland Programme for all our citizens. We know how important arts and creativity is to our communities, to our schools, and this creativity will be fostered through resources, partnerships and citizen engagement. Creative Ireland Kerry will communicate our living culture and express our identity.

Ensuring that we, in Kerry County Council, collectively cultivate Creative Ireland Kerry across sections within the Local Authority is integral to the success of this strategy. Culture and creativity is reflected across the work of the Local Authority.

This will come to the fore in the years ahead and we look forward to engaging in a meaningful way so that the impact of our work on the Creative Ireland programme is felt for many years to come.

Moira Murrell
Chief Executive Kerry County Council

3 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i gCiarraí
Culture and Creativity in Kerry

Clár Éire Ildánach

Is é Clár Éire Ildánach an phríomhfheithicil chun na tosaíochtaí a chur i bhfeidhm a aithníodh i bpríomhcháipéis bheartais an Rialtais, Cultúr 2025 – Éire Ildánach. Sa cháipéis sin deirtear go bhfuil na healaíona agus an cultúr de dhlúth agus d'inneach i Stát na hÉireann; aithnítear inti go bhfuil sé riachtanach rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú, borradh a chur faoi na tionscail chruthaitheachta agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le béim ar leith ar theanga, ar thírdhreach agus ar an timpeallacht.

Bunaíodh an clár ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta. Is iad na bunphrionsabail feidhmíochta ná Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú Pobail agus Idirnáisiúnú.

Oibríochtaí agus Straitéis Éire Ildánach Chiarraí

An Fhoireann Chultúir a stiúrfaidh Straitéis Éire Ildánach Chiarraí. Ar an bhFoireann sin tá speisialaithe ealaíon, oidhreachta, músaeim, seandálaíochta, leabharlainne, fiontar áitiúil, turasóireachta, caomhnaithe ailtireachta, Gaeilge, forbartha eacnamaíche agus cartlainne. Soláthróidh Foireann Chultúir gach roinne ar leith na tionscadail, uaireanta i gcomhar le roinn eile. Beidh ceann gach roinne freagrach as a dtionscadal féin. Is í Kate Kennelly, Oifigeach Ealaíon Chiarraí, Comhordaitheoir Chlár Éire Ildánach. Déanfaidh an Comhordaitheoir maoirseacht ar sheachadadh na straitéise chomh maith le tacú agus oibriú i spiorad na comhpháirtíochta le ranna eile laistigh den Údarás Áitiúil agus lasmuigh de.

The Creative Ireland Programme

The Creative Ireland Programme is the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 – Éire Ildánach. This document states that arts and culture are intrinsic to the Irish State; it acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Operations and the Creative Ireland Kerry (CIK) Strategy

The Creative Ireland Strategy in Kerry is headed up by a Culture Team. The Team is comprised of specialists in the area of arts, heritage, museum, archaeology, libraries, local enterprise, tourism, architectural conservation, Irish language, economic development and archives. The projects detailed in this document will be delivered by each Culture Team section, sometimes in collaboration with another section. Responsibility for each project lies with the section head. The Creative Ireland Programme Co-ordinator is the Kerry Arts Officer, Kate Kennelly. The Co-ordinator oversees the delivery of the strategy, advocates for and works in a spirit of collaboration with other sections within and outside of the Local Authority, who collectively will deliver the Creative Ireland Kerry programme.

I dTreo Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta

De réir na Straitéise seo, ***Cultúr*** is ea smaointe, nósanna agus iompar sóisialta mhuintir Chiarraí. Is ionann éagsúlacht, ilghnéitheacht agus raon ár gcultúir agus léiriú orainn mar atáimid inniu, mar a bhíomar go dtí seo agus mar a bheimid amach anseo.

De réir na Straitéise seo, ***Cruthaitheacht*** is ea úsáid na samhlaíochta agus smaointe nua chun rud nua a chruthú (maoin intleachtúil). Féachtar ar chruthaitheacht mar ghné riachtanach den nuálaíocht, agus gurb é saothrú na cruthaitheachta a ghineann saibhreas agus deiseanna. Aithnítear sa Straitéis gur cuid de nádúr an duine iad cruthaitheacht agus tallann ach aithnítear freisin gur scil theicniúil í an chruthaitheacht ar féidir í a chumasú agus a fhoghlaim. Tugtar urraim agus tacaíocht sa straitéis seo don chruthaitheacht mar a bhaineann sí le samhlaíocht agus úrnuacht. Tá ealaíontóirí a shaothraíonn gach foirm, disciplín agus cleachtadh ealaíne agus cleachtóirí cruthaitheacha, dearthóirí, déantóirí agus léiritheoirí lárnach d'fhorbairt agus do sheachadadh tionscadal faoin straitéis.

Is cuid riachtanach de dheimhniú na straitéise seo iad na healaíona. Tá na healaíona riachtanach do rath na straitéise agus is cuid ríthábhachtach den léiriú cultúrtha iad.

Towards a Culture and Creativity Strategy

Culture is determined in this Strategy as the ideas, customs and social behaviour of people in Kerry. In its diversity, multiplicity and range our culture reflects the way we are, the way we have been and our way of being into the future.

Creativity is determined in this Strategy as the use of imagination and original ideas to create something new (intellectual property). Creativity is also determined as essential ingredient in the innovation equation, and its exploitation which leads to the generation of wealth and opportunity. The Strategy acknowledges innate creativity and talent and also advocates creativity as a technical skill which can be enabled and learnt. Creativity as it applies to inventiveness and originality is respected and advocated for in this strategy. Artists across all artforms, disciplines and practices as well as creative practitioners, designers, makers and producers are central to the development and delivery of projects under the strategy.

The arts are embedded as crucial in the determination of this strategy. They are an integral ingredient for success and are crucial to cultural expression.

Is í folláine ár muintire anseo i gCiarraí a chothaíonn pobail shláintiúla. Cothaítear pobail shláintiúla trí dheiseanna páirt a ghlacadh sa chultúr agus é a urramú agus a léiriú. Tá na healaíona ar cheann de na feithiclí is spreagúla le haghaidh léiriú cultúrtha. Tá an chruthaitheacht riachtanach do ghiniúint na n-ealaíon ó cothaíonn an chruthaitheacht folláine agus is trí eispéiris agus léiriú cruthaitheach a thagann fás orainn nua seo. Leis an úsáid atá á baint as meáin dhigiteacha idirghníomhacha ar na hardáin ealaíne ar fad, agus atá le feiscint anois sna hamharcealaíona agus sna taibh-ealaíona, tugtar dúinn eispéiris chultúrtha atá fréamhaithe i gCiarraí. Tá na teorainneacha idir scannáin, amharc-ealaín, taibh-ealaíona, agus dearadh ag éirí níos doiléire de réir a chéile, rud a bheidh an-dearfach do na healaíona amach anseo.

An Chruthaitheacht agus an Cultúr i gCiarraí

Tá traidisiún saibhir cruthaitheachta agus cultúrtha againn anseo i gCiarraí. Tá breis is 10,000 láthair sheandálaíochta agus an iliomad láithreacha oidhreachta ann sa chontae, Scealga na mórcháile san áireamh. Tá dhá bhaile oidhreachta agus dreach tógtha saibhir uirbeach agus tuaithe i gCiarraí. Tá dhá cheantar Gaeltachta sa chontae ina maireann an Ghaeilge beo mar chuid dár gcultúr. Is ann atá Siamsa Tíre agus cuid mhór de Bhealach Ceoil Shliabh Luachra. Tá earnáil bhríomhar ealaíon sa chontae chomh maith le hearnáil rince nua-aimseartha atá ag fás. Tá cláir chónaitheachta d'ealaíontóirí agus sparánachtaí ealaíon ag dul ar aghaidh anois le hocht mbliana déag anuas agus deiseanna agus rochtain tugtha leo d'ealaíontóirí agus ba chabhair iad na cláir mhaoinithe chun gníomhaíochtaí ealaíon a cheangal leis an bpobal. In éineacht lenár n-éachtaí litríochta agus ár n-earnáil bhríomhar ealaíon, cothaíonn traidisiúin chultúrtha láidre Chiarraí, bunaithe ar na healaíona, an chruthaitheacht agus is acmhainn luachmhar iad ó thaobh forbartha de.

Tá cruthaitheacht an chontae fréamhaithe in earnáil láidir ealaíon; nó mar a dúirt Philip King, an ceoltóir agus léiritheoir atá lonnaithe i gCiarraí, *"our individual, community and national wellbeing, pride in our identity, and confidence in our culture and values are underpinned, nourished and given power and voice by active involvement in the arts…putting arts and creativity at the centre makes sense because one of our strongest assets is our ability to produce talent*[1]*"*. Tá scríbhneoirí, scannánóirí, péintéirí, rinceoirí, filí, ceoltóirí, ceardaithe agus ealaíontóirí sna foirmeacha agus seánraí ealaíne uile tar éis bualadh fúthu anseo i gCiarraí. Tá pobal téagartha de chleachtóirí cruthaitheacha againn ar acmhainn shaibhir é maidir lena gcumas samhlaíoch, a gcumas rudaí a chruthú agus an saol inár gcontae a fheabhsú. Tá sé thar a bheith tábhachtach a gcuid riachtanas a thuiscint agus pleanáil dóibh, ní hamháin chun tacú lena saothar, ach chun timpeallacht thacúil a chothú freisin ina mbeidh cleachtóirí cruthaitheacha in ann cónaí agus oibriú.

Le Éire Ildánach Chiarraí táimid ag iarraidh an luach agus na heispéiris a ghabhann leis an gcruthaitheacht i gCiarraí a mhéadú. Tá pobail, chomh maith le healaíontóirí, ríthábhachtach chun an uaillmhian seo a fhíorú.

Wellbeing of our people in Kerry results in healthy communities. Healthy communities are maintained through consistent opportunity to engage, respect, and reflect culture. The arts are one of the most exciting vehicles for cultural expression. Creativity is essential in the generation of arts activity; hence creativity fosters wellbeing; through creative experiences and creative expression we grow, communicate and share. In this strategy, Kerry County Council, with Creative Ireland, will work to increase access to and participation in creativity for the citizens of Kerry.

Creativity and Culture in Kerry

Kerry has a wealth of tradition in creativity and culture. The county has over 10,000 archaeological sites, numerous heritage sites including the world renowned Skelligs. Kerry has two heritage towns and a rich urban and rural built landscape. It has two Gaeltacht areas where Irish remains part of our living culture. It is home to the National Folk Theatre of Ireland, and has within its borders a significant section of the Sliabh Luachra Music Trail. The county has a vitally strong performing arts sector as well as a growing contemporary dance sector. Eighteen years of artist residency and arts bursary programmes has offered opportunity and access to artists and the integration of arts activity through funded programmes across the artforms. Combined with literary achievements and a vibrant visual arts sector, Kerry's strong arts based cultural traditions continue to foster creativity and have significant scope in terms of development potential.

At the root of our county's creativity is a strong artistic sector; in the words of Kerry based musician and producer, Philip King, *"our individual, community and national wellbeing, pride in our identity, and confidence in our culture and values are underpinned, nourished and given power and voice by active involvement in the arts…putting arts and creativity at the centre makes sense because one of our strongest assets is our ability to produce talent*[1]*"*. Writers, film makers, painters, dancers, poets, musicians, craft makers and artists across all artforms and genres have made their home in Kerry. We have a resilient community of creative practitioners who offer the county a unique gift in terms of their ability to think differently, to create, and enhance life in our county. Understanding and planning for their needs is important, to not only support their work, but to cultivate, in Kerry, a supportive environment for creative practitioners to live and work from.

Through Creative Ireland Kerry we seek to amplify our individual and collective valuing and experiences of creativity in Kerry. Communities as well as artists are central to this ambition.

1 Philip King, Comhfhreagras le hOifig na nEalaíon, Comhairle Contae Chiarraí a cuireadh sna meáin chumarsáide náisiúnta in 2017.

Philip King, Correspondence to Arts Office, Kerry County Council and as reproduced in the national media in 2017.

Tá an iliomad grúpaí oidhreachta ann ar fud Chiarraí, bíonn breis is tríocha féile ealaíon ann, tá músaem an chontae agus eagraíochtaí Gaeilge ann chomh maith le hionaid ealaíon agus foirgnimh a úsáideann an pobal. Tá ról lárnach ag an ngréasán foirgneamh (ionaid ealaíon, músaem, leabharlanna), agus ag feilte, chomh maith le himeachtaí, i dtaca le cláir ealaíon agus cláir chruthaitheachta a sheachadadh. I measc shléibhte agus leithinse Chiarraí tá an bonneagar seo riachtanach le go mbeidh teacht ag an bpobal ar an gcruthaitheacht. Tá fás suntasach tagtha ar na tionscail chruthaitheacha le deich mbliana anuas, le borradh faoin gceardaíocht, faoin dearadh agus faoi earnáil na meán digiteach. Tá cruthaitheacht agus dearadh ar thús cadhnaíochta i dtimpeallacht trádála dhomhanda atá ag síorathrú. Tá ról riachtanach ag an gcruthaitheacht maidir le táirgí agus seirbhísí nua agus múnlaí nua gnó a fhorbairt agus is í a thiomáineann an nuálaíocht. Tá earnáil na ngnóthas beag tar éis inniúlacht a fhorbairt ina leith sin agus rachaidh na moil nuálaíochta atá beartaithe, agus na lárionaid feabhais, go mór chun tairbhe don bhfiontraíocht agus don bhfostaíocht i gCiarraí. Tá ceannairí domhanda tionsclaíochta lonnaithe anseo i gCiarraí a thugann tacaíocht ghníomhach i gcónaí don chontae. Tá an iliomad daoine agus comhlachtaí ag feidhmiú san earnáil turasóireachta i gCiarraí agus iad fréamhaithe sna healaíona agus sa chultúr. Lena saothar siúd tá naisc idirnáisiúnta cruthaithe agus iad sáite i ngréasán an diaspóra a bhfuil ceangal déanta aige le forbairt Chiarraí thar lear agus abhus in Éirinn. Leis an méid sin ar fad is áit ar leith é Ciarraí mar áit chónaithe agus oibre.

Kerry is home to numerous heritage groups, over thirty arts festivals, a county museum and Irish language organisations as well as arts centres and community used buildings across the county. The infrastructural network of buildings (arts centres, museum, libraries etc), and festivals as well as events play a vital role in the delivery of arts and creativity based programmes. In Kerry's peninsular, mountainous landscape, this offers vital access to creativity in urban and rural locations. The county's creative industries have grown significantly in the past decade with the craft, design and digital media sector seeing growth. Creativity and design are at the forefront of a rapidly changing world trading environment. Creativity plays an essential role in the development of new products and services, new business models and acts as the key driver in the innovation cycle. The small business sector has developed in this regard. Enterprise and jobs in Kerry will benefit hugely from the planned innovation hubs as well as centres of excellence in Kerry. Global leaders in industry are based in Kerry and act as strong advocates for the county. Kerry's thriving tourism sector boasts multiple operators rooted in cultural expression and utilising the arts. Their work has created strong international links and is steeped in a Diaspora network that ties itself firmly to the development of Kerry abroad and at home. All of these facts and more make Kerry a unique and exciting place from which to live and work. Our creative industries are innovation led, knowledge intensive and highly exportable. Technology presents endless opportunities for artists and a consistent cross-over exists across artforms and media as a result of new technologies. The use of interactive digital media across artforms offers us unique cultural experiences that are Kerry formed.

Is tionscail nuálacha, dlútheolais agus an-oiriúnach le heaspórtáil iad ár dtionscail chruthaitheacha. Tugann an teicneolaíocht an iliomad deiseanna d'ealaíontóirí agus is ann do thrasnaisc idir na foirmeacha ealaíne ar fad agus na meáin de thoradh ar na teicneolaíochtaí nua seo. Leis an úsáid atá á baint as meáin dhigiteacha idirghníomhacha ar na hardáin ealaíne ar fad tugtar dúinn eispéiris chultúrtha atá fréamhaithe i gCiarraí.

Cabhróidh Éire Ildánach Chiarraí, ag baint tairbhe as comhpháirtíochtaí, chun na tionscail chruthaitheacha i gCiarraí a fhorbairt agus a chumhachtú. Tionscail agus gairmeacha atá bunaithe ar chruthaitheacht, ar thallann agus ar scil, tá an mianach iontu saibhreas agus fostaíocht a chruthú ach úsáid chliste a bhaint as maoin intleachtúil. Luíonn sé le réasún ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de na tionscail chruthaitheacha a chothú ionas go mbeidh deis ag na daoine atá ag obair iontu toradh a saothair a sholáthar.

Creative Ireland Kerry will work to assist the development and power of the creative industries in Kerry in collaboration and partnership. Industries and occupations that have their origin in creativity, talent and skill have the potential for wealth and job creation through the smart use of intellectual property. Nurturing the creative industries so that they have opportunity and capacity to deliver makes economic and social sense.

All Washed Up á scannánú ar Thrá Bhaile an Bhuinneánaigh. Íomhá le Domnick Walsh
Filming of All Washed Up on Ballybunion beach. Image by Domnick Walsh

Ag an gcéad Fóram Éire Ildánach i mí na Nollag 2017, dúirt an tAire Fiontar, Heather Humphries 'go hidirnáisiúnta, tá an earnáil chruthaitheach ag fás 14% níos tapúla ná aon tionscal eile'.

Tá deiseanna ann chun an earnáil a mhéadú i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, le hOifig Fiontair Áitiúil Chiarraí, le hOifig Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae Chiarraí agus leis na cleachtóirí cruthaitheacha agus leis na fiontraithe ar fad atá lonnaithe anseo i gCiarraí. Tá traidisiún fada scannánaíochta i gCiarraí ó deineadh léiriúcháin O'Kalem go luath sa bhfichiú haois, anuas go dtí 'Star Wars' in 2015 agus 2016. Spreagann tírdhreach Chiarraí stiúrthóirí, ealaíontóirí, déantóirí agus léiritheoirí agus roghnaíodh an contae mar láthair scannánaíochta don iliomad clár faisnéise agus príomhscannán. Ní mór an earnáil seo agus an acmhainn inti a chothú agus a fhorbairt d'fhonn beocht níos mó a spreagadh sa gheilleagar áitiúil.

Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí leis an bpobal chun Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm dár saoránaigh ar fad. In 2016 chuir a lán pobal na healaíona agus an chruthaitheacht i gcorplár a n-imeachtaí cuimhneacháin 1916 agus tharraing aird sa tslí sin ar fhairsinge an chultúir bheo ar fud Chiarraí. Tá tionchar na hoibre sin fós le brath ar fud an Chontae agus ba inspioráid é do chlár Éire Ildánach Chiarraí. Tá sé mar aidhm againn i gcónaí a bheith rannpháirteach le saoránaigh uile an chontae. Aithnímid go bhfuil mianach cruthaitheach i ngach saoránach agus gur féidir le gach éinne tairbhe a fháil as a bheith páirteach sa chruthaitheacht.

At the inaugural Creative Ireland Forum in December of 2017, Minister for Enterprise, Heather Humphries stated that 'internationally, the creative sector is growing at 14% faster than all other industries'.

There are opportunities to grow this sector in partnership with Kerry Education and Training Board, and Tralee Institute of Technology, Local Enterprise Office Kerry, Kerry County Council Economic Development Office and the many creative practitioners and entrepreneurs who base themselves in Kerry. The film industry has a long tradition in Kerry from the O'Kalem productions of the early twentieth century to 'Star Wars' in 2015 & 2016. The landscape of Kerry inspires directors, artists, makers and producers, with numerous documentaries and advertisements, as well as feature films choosing the county as a location for filming. Nurturing this sector and developing its potential offers very real scope for greater vibrancy in the local economy.

Kerry County Council will work with the community to implement the Creative Ireland Programme for all our citizens. During 2016, many communities placed arts and creativity at the centre of commemorative events highlighting the scale and the extent of living culture across Kerry. The impact of this work continues to resonate and acts as inspiration for the Creative Ireland Kerry programme. The aim of engaging meaningfully with all citizens in the county continues to be a driving force. We acknowledge that every citizen has creative potential and can benefit from engagement with creativity.

Bhí clár Éire Ildánach Chiarraí do 2017 dírithe ar na cláir a bhí ann cheana, agus a raibh an chruthaitheacht ann mar chuid lárnach díobh, a leathnú. Ba é tionchar an leathnaithe seo, ó thaobh rannpháirtíocht saoránach de, a threoraigh an tslí inar dáileadh ár n-acmhainní. In 2017 bunaíodh Foireann Cultúir i gComhairle Contae Chiarraí chun clár Éire Ildánach a sheachadadh.

Trí líon mór ranna a thabhairt le chéile, is é sin, ranna a bhfuil sainchúram cruthaitheachta orthu agus ranna a bhfuil sainchúraimí eile orthu, léirigh Comhairle Contae Chiarraí, ar an gcuma sin, a tiomantas i leith béim a chur ar an earnáil chruthaitheach agus ar rannpháirtíocht sa chruthaitheacht i gCiarraí sna seirbhísí ar fad. Beidh Éire Ildánach Chiarraí lárnach i ngach forbairt beartais as seo amach.

Fuarthas méid ollmhór aiseolais ag an gCruinniú Poiblí do Éire Ildánach Chiarraí, ar an 14 Márta 2017 i dTrá Lí, ó thaobh acmhainní a dhíriú níos mó ar dheiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach sa chruthaitheacht. Fuair cláir Cheoil, Ealaíon Traidisiúnta, Oidhreachta agus Cartlainne tacaíocht dhíreach ó Éire Ildánach Chiarraí.

Cheana féin tá forbairt déanta ag Comhairle Contae Chiarraí agus ag gníomhaireachtaí comhpháirteacha eile ar raon straitéisí atá bunaithe ar an gcultúr: (1) An Plean Áitiúil Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta, (2) Straitéis Ealaíon Chiarraí, (3) Straitéis Turasóireachta Chiarraí, (4) Plean Gníomhaíochta Oidhreachta, (5) Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí, (6) Straitéis Rannpháirtíocht an Phobail agus (7) Scéim Gaeilge. Tá Éire Ildánach Chiarraí tar éis é féin a ailíniú leis na straitéisí cultúr-bhunaithe sin ó thuigimid luach agus tábhacht an chultúir, ní hamháin mar thiománaí na cruthaitheachta agus an gheilleagair sa Chontae, ach tuigtear

The Creative Ireland Kerry programme for 2017 (CIK) focussed on expanding existing programmes that had creativity at their core. The impact of this expansion, in terms of citizen engagement, informed the distribution of resources. In 2017 a Culture Team was established in Kerry County Council to deliver the Creative Ireland programme.

By bringing together a large number of sections; both with a creative remit and those with other remits, Kerry County Council has demonstrated its commitment to ensuring the creative sector and engagement with creativity in Kerry is highlighted across services. Creative Ireland Kerry will be central to all policy development moving forward.

The Creative Ireland Kerry Public Meeting of March 14th 2017, in Tralee, yielded unanimous feedback in terms of focusing resources on increasing opportunities for children and young people to participate in creativity. Music, Dance, Traditional Arts, Heritage and Archives programmes were directly supported through Creative Ireland Kerry.

Already, there are a range of culture-based strategies developed by Kerry County Council and collaborative agencies: (1) The Local Community and Economic Development Plan (2) Kerry Arts Strategy, (3) Kerry Tourism Strategy (4) Heritage Action Plan (5) Kerry Library Development Plan and (6) Community Engagement Strategy (7) Sceim Gaeilge. Creative Ireland Kerry has aligned itself to these culture-based strategies valuing the importance of culture, not only as a creative economic driving force in the County, but as a wellbeing and societal right, having access to opportunities for creative expression. This is what we intend, as a planning authority, to cultivate the very real component that is our culture and the diversity of cultures that exist in Kerry. Cultural impact

freisin gur cheart, ó thaobh fholláine na sochaí i gcoitinne de, go mbeadh teacht ag an bpobal ar dheiseanna chun a gcruthaitheacht a léiriú. Is é seo atá i gceist againn, mar údarás pleanála, an ghné thábhachtach sin arb í ár gcultúr í agus an éagsúlacht cultúr atá anseo againn i gCiarraí a shaothrú. Leanfaidh an tionchar cultúrtha de bheith lárnach agus ábhartha inár dtimthriall pleanála mar Údarás Pleanála amach anseo.

Ó mhí Lúnasa 2017 i leith cuireadh roinnt seisiún oibre den bhFoireann Cultúir ar siúl, mar aon le roinnt cruinnithe de ghrúpaí fócais, cruinnithe duine le duine agus, chomh maith leis sin, próiseas ginearálta comhairliúcháin phoiblí d'fhonn treoir a thabhairt don Straitéis cúig bliana. Mar bharr ar an méid sin ar fad tugadh tacaíocht mhór don Údarás Áitiúil i dtaca lena chinntiú go mbeidh ealaíontóirí agus cleachtóirí agus gairmithe cruthaitheacha lárnach agus Éire Ildánach á sheachadadh. Leagadh béim ar an dá ghné sin arís i gcomhairliúchán poiblí um gheimhreadh 2017. Beidh siad fós mar chuid lárnach dár bpolasaí amach anseo.

will remain central and relevant to our planning cycles and processes as a Local Authority into the future.

Since August 2017 a number of Culture Team working sessions, focus group meetings, one to one meetings as well as a wider public consultation process has informed this five year Strategy. There was overwhelming support for the Local Authority to ensure that artists and creative practitioners and professionals are central to the delivery of Creative Ireland. These two aspects have been reiterated again in public consultation in the winter of 2017. They remain central to the policy going forward.

Spirit of the Forest le Innabubble. Íomhá le Alan Landers
Spirit of the Forest by Innabubble. Image by Alan Landers

'Is é fís Éire Ildánach go mbeidh deis ag gach uile dhuine in Éirinn a mhianach cruthaitheach a chomhlíonadh'. Déanfar an fhís seo a fhíorú le Cúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

Colún 1: Acmhainn Chruthaitheach Gach Linbh a Chumasú

Colún 2: An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal

Colún 3: Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha

Colún 4: Na Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Ionad Barr Feabhais do Léiriú Meán

Colún 5: Ár gcáil Dhomhanda a Aontú

Tá an rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don bhfís seo. Síltear leis go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí a nascadh le daoine cruthaitheacha eile sa phobal chun an fhís seo a fhíorú.

Cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí bearta i bhfeidhm faoi Cholún 2 den Chlár: An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal. Aithníonn an Rialtas lárnach ról na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gclár a sheachadadh ag an leibhéal áitiúil agus tacaíonn siad leis na hÚdaráis sa mhéid sin. Tá oifig náisiúnta comhordaithe an chláir lonnaithe sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i mBaile Átha Cliath.

> *Is mar a leanas atá Fís Éire Ildánach do Chiarraí: a chinntiú go léiríonn daoine ar fud Chiarraí meas ar an gcruthaitheacht agus go mbaineann siad tairbhe aisti. Leis an gcruthaitheacht cothóimid folláine inár bpobail; agus méadófar rannpháirtíocht agus úinéireacht na ndaoine i leith eispéiris chruthaitheacha agus, ag an am céanna, ardófar próifíl na cruthaitheachta i gCiarraí. Éire Ildánach Chiarraí: glac chugat é!*

'The vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential'. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

Pillar 1: Enabling the Creative Potential of Every Child

Pillar 2: Enabling Creativity in Every Community

Pillar 3: Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

Pillar 4: The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

Pillar 5: Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is regarded as essential to realising the vision.

Kerry County Council will deliver under Pillar 2 of the Programme: Enabling Creativity in Every Community. The role of Local Authorities in the delivery of the programme at local level is acknowledged and supported by central Government. The national coordinating office for the programme is located within the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in Dublin.

> *The Creative Ireland Vision for Kerry is: to ensure people across Kerry truly value and experience creativity. Through creativity we will cultivate wellbeing in communities; increasing people's participation in and ownership of creative experiences whilst growing Kerry's creative profile. Creative Ireland Kerry: own it, be it!*

Mar Údarás Áitiúil, oibrímid chun saol ár saoránach a fheabhsú agus aithnímid go bhfuilimid, le teacht níos mó a thabhairt ar an gcruthaitheacht, ag obair i dtreo caighdeán saoil níos fearr a chruthú do mhuintir Chiarraí.

Tugann Clár Éire Ildánach deiseanna eile dúinn clú Chiarraí mar ionad cultúir a fhorbairt tuilleadh. Oibreoimid le muintir Chiarraí chun a chinntiú go bhfuil clár láidir á sheachadadh againn a léiríonn agus a chuireann chun cinn saibhreas cruthaitheachta ár gcontae.

As a Local Authority, we work to enhance the lives of our citizens and recognise that, by enabling greater access to creativity, we are working for a better quality of life for people.

The Creative Ireland Programme gives us more opportunity to build on Kerry's reputation as a place of culture. We will work with the people of Kerry to ensure we are delivering a strong programme that reflects and promotes the wealth of creativity in our county.

Rannpháirtí i dTionscadal Chór na nÓg Íomhá le Valerie O'Sullivan
Youth Choral Project participant Image by Valerie O'Sullivan

5 Luachanna Éire Ildánach i gCiarraí: The Creative Ireland Values in Kerry

(a) Pobal:

Tá meas ag Éire Ildánach Chiarraí ar shaoránaigh Chiarraí agus ar a gceart an clár a rochtain ina gcontae. Tá an nasc leis na pobail ríthábhachtach; cuirfear na gníomhaíochtaí ar siúl in earnálacha na n-ealaíon, na hoidhreachta, na fiontraíochta, na leabharlann, na turasóireachta, na Gaeilge, agus an phobail. Aithnítear an gá atá le cleachtóirí agus bonneagair mar acmhainní chun tacú leis an gcruthaitheacht sa chontae. Tá mórán le déanamh. Déanfar iniúchadh ar acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha ina gcuirfear san áireamh cúig cholún Éire Ildánach chun treoir a thabhairt do na pleananna gníomhachtaithe bliantúla. Gné thábhachtach den obair a dhéantar ar son ár bpobal is ea an tIniúchadh ar na hacmhainní i gCiarraí. Is ceann dár dTosaíochtaí Straitéiseacha é faoi Théama (3), is é sin, Ár bpróifíl agus ár mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach a fheabhsú. Is acmhainní iad scoileanna, leabharlanna, ionaid ealaíon, stiúideonna, spásanna poiblí, coláistí, hallaí ina bhforbraítear agus ina léirítear gníomhartha cultúrtha agus cruthaitheacha sa chontae. Déantar 'pobal' a thuiscint sa chiall is leithne de agus is mór againn ionchur cruthaitheach agus tacaíocht ó na pobail a oibríonn linn. Bunchuspóir againn is ea pobail chruthaitheacha a fhorbairt atá compordach agus sásta a gcruthaitheacht a léiriú. Is bunaidhm agus slat tomhais againn é an chruthaitheacht a chumasú i ngach pobal.

(b) Comhoibriú:

Léiríonn Éire Ildánach Chiarraí meas ar shuim agus ar thiomantas na hearnála cruthaithí agus an phobail i gcoitinne. Is cuid lárnach den chlár seo é bealaí nua comhoibrithe a chur ar fáil agus luach agus poitéinseal na n-ealaíon, na

(a) Community

Creative Ireland Kerry values the citizens of Kerry and their right to access the programme in their county. The connection with communities is central; relevant activity and projects will take place within arts, heritage, enterprise, libraries, tourism, Irish language, and community sectors. The practitioners and infrastructures required in terms of resources that support creativity in the county is acknowledged. There is much to be done. An audit of local cultural and creative resources which will bear in mind all five pillars of Creative Ireland will inform yearly activation plans. The Audit of resources in Kerry is a key aspect of work on behalf of our communities. It is one of our Strategic Priorities under Theme (3) Enhancing our cultural and creative profile & infrastructure. Resources such as schools, libraries, arts venues, studios, public spaces, colleges, halls and arts centres are key places where creativity and cultural actions are developed and expressed in the county. Community is interpreted in its widest sense and we value the creative input and support from communities who work with us. The development of creative communities who are comfortable and proud to express their creativity is a cornerstone objective. Enabling creativity in every community is a central ambition and key metric of the programme.

(b) Collaboration

Creative Ireland Kerry values the interest and commitment shown by the creative sector and wider community. The ability of this programme to offer new ways of working together in the spirit of valuing and realising the potential of the arts, heritage, Irish language, film and digital media and the role of creativity in communities throughout Kerry is central to this strategy. The

hoidhreachta, na Gaeilge, na scannánaíochta agus na meán digiteach a fhíorú agus ról na cruthaitheachta sna pobail ar fud Chiarraí a chur chun cinn. Is í Oifig na nEalaíon an roinn comhordúcháin i gCiarraí agus tacóidh an oifig leis an obair ar chlár Éire Ildánach san ranna eile den Údarás Áitiúil. Spreagaimid comhoibriú idir-ghníomhaireachta chun an leas is fearr a bhaint as an acmhainn chruthaitheach sna hearnálacha agus sna gníomhaireachtaí ábhartha uile.

(c) Cumarsáid:

Gné thábhachtach de chúram na hOifige Comhordúcháin mar chuid de Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí is ea go n-oibrímid go dícheallach le go mbeidh an pobal ar an eolas faoi thionscadail, faoi chláir agus faoi dheiseanna nua. I measc na n-ardán margaíochta againn tá margaíocht dhigiteach, cumarsáid ar na meáin shóisialta agus tacaíocht ar leith don oifig náisiúnta comhordúcháin dul i mbun cumarsáid áitiúil a sheoladh. Leis an tacaíocht don oifig náisiúnta cinnteofar go mbeidh an clár ábhartha do Chiarraí agus go gcabhraíonn an oifig ansin le próifíl agus cumarsáid an chláir i gCiarraí. Feidhmeoidh an ghaolmhaireacht shiombóiseach seo chun na cúig cholún de chlár náisiúnta Éire Ildánach a sheachadadh

Arts Office as the coordinating section in Kerry, will liaise and support work on the Creative Ireland programme across other sections of the Local Authority. We encourage inter-agency collaboration to maximise the creative potential across sectors and all interested agencies.

(c) Communication

The process by which the Co-ordination Office as part of the Arts Service of Kerry County Council engages proactively in informing the public about new projects, programmes and opportunities is a key value. Marketing platforms include a combination of direct marketing, social media communications and dedicated support to the national co-ordinating office as it roles out local communications. Supporting the work of the national office will ensure the programme is relevant to Kerry and it, in turn assists the profile and communication of the programme nationally on behalf of Kerry. This symbiotic relationship will operate with regard to the delivery of all pillars of the Creative Ireland national programme.

(d) Rannpháirtíocht:

Is mór ag Éire Ildánach Chiarraí gach iarracht a dhéantar chun páirt a ghlacadh i ngach tionscadal, clár nó imeacht atá mar chuid den phlean gníomhaíochta bliantúil. Is cuid lárnach den bhfís do Éire Ildánach Chiarraí í an rannpháirtíocht. Tacaímid go mór le rannpháirtíocht pobal, ealaíontóirí, cruthaitheoirí, eagraíochtaí agus grúpaí. Déantar an t-aitheantas a thugtar don chultúr bríomhar pobail atá i gCiarraí a threisiú leis an straitéis seo. Is gné thábhachtach den Straitéis é pobal bríomhar a fhorbairt agus an chruthaitheacht ann a chur in iúl agus ní mór don bhFoireann Chultúir ar fad tionchar agus scála a chinntiú.

(e) Uilechuimsitheacht agus Cumhachtú:

Tá sé i gceist ag Éire Ildánach Chiarraí an bhearna idir rannpháirtíocht agus rochtain ar léiriú cultúrtha a dhúnadh. Tá sé d'aidhm leis an gclár grúpaí 'i mbaol' a chuimsiú agus a chumhachtú. Tá samplaí praiticiúla den luach áirithe seo ar siúl cheana. Beidh sé riachtanach bealaí nua a aimsiú chun saoránaigh a chumhachtú agus dul i ngleic leis an iliomad dúshlán sna ceantair thuaithe agus uirbeacha i gCiarraí. Tá ról ag na healaíona, agus ag rochtain ar na healaíona, ina leith seo. An aidhm is ea dul i ngleic le neamhionannas ó thaobh rochtana de. Tá meas ag Éire Ildánach Chiarraí ar an ról atá ag saoránaigh maidir le pobail a chumhachtú chun teacht ar bhealaí nua chun pobail chruthaitheacha bhríomhara shláintiúla a fhorbairt.

Threoraigh an Comhairliúchán Poiblí luachanna Éire Ildánach Chiarraí. Is éard a bhí sa chomhairliúchán seo in 2017 ná trí chruinniú ag grúpaí fócais, a lán cruinnithe duine ar dhuine, chomh maith le dhá ghairm ar chomhairliúchán poiblí. Sna seisiúin seo ghlac cleachtóirí ealaíon, ionadaithe ón earnáil oidhreachta, ionadaithe ar an nGaeilge chomh maith le foireann cultúir níos leithne, teagmhálacha, pobail agus lucht cruthaitheachta páirt. Tionóladh Cruinniú Comhairliúcháin Phoiblí i mí na Samhna 2017 i dTrá Lí ar ar fhreastail 80 duine den phobal. D'éascaigh comhráite comhstádais raon tuairimí éagsúla. D'fhreastail gairmithe ón earnáil chruthaitheach, agus daoine ón earnáil oideachais, ón earnáil phobail, ó ghrúpaí agus ó eagraíochtaí ar na cruinnithe poiblí. Léiríodh d'aon ghuth gur cheart tiomantas agus tacaíocht a thabhairt do phobail agus do dhaoine de gach aois clár Éire Ildánach Chiarraí a rochtain. Moladh arís is arís eile gur cheart go mbeadh daoine óga agus ealaíontóirí chun tosaigh agus cláir á gcur le chéile. Tugadh tacaíocht d'aon ghuth don tuairim gur cheart an cultúr agus an éagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh le gníomhaíochtaí ina bhfuil an chruthaitheacht i dtús áite.

Tugtar achoimre thíos ar na tuairimí a fuarthas:

1. Tá gá le nuálaíocht chultúrtha le linn cláir agus tacaíochtaí d'ealaíontóirí a chur le chéile chun ceangail a chothú i measc ealaíontóirí agus leis an bpobal i gcoitinne. Fuarthas tríocha a sé smaoineamh maidir leis seo.
2. Bhí an tuairim ann go gcaithfí ár bpróifíl agus ár mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach a fheabhsú, agus bhí caoga a haon tuairim ann inar lorgaíodh tacaíocht go ndéanfaí amhlaidh.

(d) Participation

Creative Ireland Kerry values the effort to engage, to take part, to help shape and determine each creative project, programme or event that is part of the annual action plan. Participation is central to the vision for Creative Ireland Kerry. Participation by communities, by artists, by creators, by organisations, by groups is valued. Acknowledging the vibrant cultural community that exists in Kerry is reinforced through this strategy. Building a more vibrant cultural community, and communicating this creativity is an important aspect of the Strategy and requires the full Cultural Team to ensure widespread impact and scale.

(e) Inclusivity and Empowerment

Creative Ireland Kerry aims to close the gap between participation and access to cultural expression. The inclusion and empowerment of 'at risk' groups is an ambition of the programme. Practical examples of this value are underway. Finding new ways of empowering citizens will be crucial to addressing many urban and rural challenges in Kerry. Exposure and access to the arts play a role in this regard. The ambition is to address inequality in terms of access. Creative Ireland Kerry values the role that citizens can play in empowering communities to conceptualise new ways of working to develop healthy and vibrant creative communities.

The Creative Ireland Kerry values have been informed fully through Public Consultation. Consultation in 2017 has taken the form of three focus group meetings, many one to one meetings, as well as two open calls for public consultation. Participants in these sessions were a mix of arts practitioners, heritage sector representatives, Irish language representatives as well as the broader cultural team and key contacts, communities and creativity enthusiasts. A Public Consultation Meeting took place in November 2017 in Tralee, attended by 80 members of the public. Round table discussions facilitated a range of views. The public meetings were attended by creative sector professionals, education sector, communities, groups and organisations. There was a unanimous expression of interest and a clear commitment and advocacy for communities of all ages to access the Creative Ireland Kerry programme. The repeated recommendation is that our young people and artists be at the forefront of programming. There was unanimous support for the idea of celebrating and reaffirming culture and cultural diversity with activities that have creativity to the fore.

Opinions received are summarised below:

1. There is a need for cultural innovation in programming and developing support for artists and connecting artists to the wider community to create and innovate. Thirty six ideas were received in this regard.
2. The need to enhance and develop our cultural and creative profile and infrastructure was to the fore of the feedback with fifty one opinions received seeking support to develop same.

3. Fuarthas tríocha a trí smaoineamh éagsúla ann inar moladh go ndéanfaí rochtain ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht inár bpobail a leathnú.
4. Ba léir ón aiseolas a fuarthas gur gá tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus cruthaitheoirí agus iad a chothú, d'iarr seasca a seacht faoin gcéad díobh sin a d'fhreagair gur cheart go mbeadh sé sin ina thosaíocht ag Éire Ildánach Chiarraí sa straitéis.

Tá an t-aiseolas ón bpobal soiléir. Seo thíos go hachomair é:

- Acmhainní a dhíriú ar dheiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh sa chruthaitheacht.
- Ealaíontóirí agus an earnáil chruthaitheach a thabhairt isteach in obair Éire Ildánach Chiarraí.
- Tacaíocht a thabhairt do na healaíona i gCiarraí, agus gach foirm ealaíne san áireamh, agus go háirithe na healaíona san oideachas a fhorbairt.
- Rochtain do phobail ar an gcruthaitheacht – tacaíocht a thabhairt do phobail a bheith rannpháirteach le cleachtóirí cruthaitheacha.
- Feasacht a ardú maidir lena bhfuil ar fáil chun tacú le gairmeacha san earnáil chruthaitheach.
- A chinntiú go bhfuil próifíl ag an earnáil agus go ndéanfar í a chur chun cinn agus a uasdátú.
- Rochtain níos lárnaí a chur ar fáil dóibh sin atá ag iarraidh saothar cruthaitheach a thabhairt go dtí an margadh.
- Tacaíocht do phobail chun cur lena a n-eispéiris chruthaitheacha ionas go gcruthóidh tionchar na tacaíochta sin oidhreacht ó thaobh pobail chruthaitheacha a chothú.

3. Extending access to the arts and creativity across our communities received a total of thirty three ideas which were diverse and far reaching.
4. The need to nurture and support artists and creators in our communities was clearly evident in the feedback received with sixty seven percent of respondents requesting that Creative Ireland Kerry put this as the main priority of the strategy.

Public feedback is clear. It can be captured as follows:

- Focus resources on increasing opportunities for young people to participate in creativity
- Involve artists and the creative sector in the work of Creative Ireland Kerry
- Support intensively the arts in Kerry, across artforms, in particular developing arts in education
- Access to creativity for communities – offer support for communities to engage with creative practitioners
- Offer greater awareness of what is available to support careers in the creative sector.
- Ensure the sector has profile and is publicly promoted and updated
- More centralised access to support for bringing creative work to a market
- Support for communities to grow their creative experiences so that the impact of this support will create a legacy in terms of cultivating creative communities

- Moil chruthaitheachta i gCiarraí chun obair chruthaitheach a chothú agus a fhorbairt i gCiarraí, go háirithe d'ealaíontóirí agus do léiritheoirí saothair a chruthú agus margaí a rochtain.
- Cabhair a thabhairt i leith deiseanna níos mó a bheith ar fáil chun bheith rannpháirteach leis an oidhreacht, le Músaem Chiarraí agus leis an tseandálaíocht.

- Creative hubs in Kerry to incubate and support creative work development in Kerry, in particular for artists and producers to create work and access markets.
- Assist with greater engagement opportunities with heritage, the County Museum and archaeology.

It Takes A Village le Catherine Young. Íomhá le Dominick Walsh
It Takes A Village by Catherine Young. Image by Domnick Walsh.

Suirbhé Ar Líne agus Torthaí an Cheistneora:

Tá sé mar aidhm ag an straitéis tuairim an tromlaigh a léiriú maidir leis an mbealach is fearr chun tosaigh do Éire Ildánach Chiarraí. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach éinne a rannchuidigh leis an straitéis, ar líne agus ar blealaí eile. Ba chabhair é an suirbhé ar líne i mí na Samhna 2017 maidir leis an straitéis seo threorú. Tugann sé léargas soiléir ar mhian mhuintir Chiarraí maidir le conas is fearr Éire Ildánach Chiarraí a fhorbairt. Fuarthas 53 fhreagra ar an suirbhé ar líne. Iarradh ar fhreagróirí a rogha a thabhairt maidir le comhthéacs an chláir agus formáid na dtionscadal do na cúig bliana den straitéis. Chabhraigh na freagraí a fuaireamar linn cinneadh a dhéanamh (1) Bhí rannpháirtíocht saoránach agus phobail chun cinn sa phlé agus (2) deineadh mórán plé ar thábhacht ról na gcleachtóirí cruthaitheacha. Tugadh an-chuid tacaíochta do ról agus luach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí inár sochaí. Idir chomhairliúcháin phoiblí, chruinnithe fóraim, chomhráite grúpaí oibre, cheistneoirí agus an suirbhé ar líne, fuarthas 176 thuairim san iomlán. Tá taifead déanta ag Oifig na nEalaíon díobh sin ar fad. Léiríonn líon na bhfreagraí a fuarthas an tsuim mhór atá in Éire Ildánach Chiarraí.

Iarradh ar dhaoine réimsí gníomhaíochta, a cinneadh gur réimsí don Fhoireann Cultúir iad, a chur in ord tosaíochta. Seo na réimsí ar theastaigh ó fhreagróirí go ndíreofaí acmhainní Éire Ildánach Chiarraí orthu. Liostaíodh iad mar roghanna 1-10, 1 an ceann is tábhachtaí, agus seo a leanas na torthaí:

Online Survey & Questionnaire Results:

The strategy aims to reflect the majority of collective opinion for the best way forward for Creative Ireland Kerry. We wish to thank all those who gave of their time to contribute to the strategy, both online and offline. The online survey in November 2017 helped inform this strategy. It provides a clear insight as to how people in Kerry wish to see Creative Ireland Kerry develop. 53 unique responses were received to the online survey element. Respondents were asked to state their preferences with regard to the context for the programme and the format of projects over the five years of the strategy. The response value helped us determine that (1) Citizen engagement and community engagement came to the forefront of discussions and (2) the role of creative practitioners was also of significant importance to discussions and opinion. The role and value of artists and creators in our communities and in our society received a consistent advocacy. Between the public consultations, forum meetings, working group discussions, questionnaires and online survey, a total of 176 opinions were received. These have been logged by the Arts Office. The response volume demonstrates a real interest in Creative Ireland Kerry.

People were asked to prioritise areas of activity that have been determined as Culture Team section areas. These are the areas that respondents wanted to see Creative Ireland Kerry resources focused upon. They were listed as options from 1-10, 1 being the most important, the results are detailed as follows:

Arts	37%
Archaeology	0%
Conservation	5%
Community	8%
County Museum	0%
Economic Development	5%
Arts Education	15%
Heritage	10%
Irish Language	8%
Libraries (including archives)	8%
Local enterprise	0%
Research	3%

Maidir leis an raon gníomhaíochta agus le leithroinnt na n-acmhainní, seo na roghanna a tháinig chun cinn: As na 53 fhreagra ar an gCeist "Luaigh do rogha in ord tosaíochta 1-3 (3 an rogha dheireanach), an ceart do Éire Ildánach Chiarraí:

Deliver one flagship each year	21.6%
Deliver a key project per municipal district	27.03%
Use 50% of funding to grant-aid creative community based projects	51.35%

- Dúirt 51% de na Freagróirí gur cheart 50% de mhaoiniú Éire Ildánach Chiarraí a úsáid mar chúnamh deontais do thionscadail chruthaitheacha atá bunaithe i bpobail.
- Dúirt 27% de na Freagróirí príomhthionscadal a sheachadadh i ngach Ceantar Bardasach.
- Dúirt 21% de na Freagróirí príomhthionscadal a sheachadadh gach bliain

With regard to the range of activity and the focus of resources, the following preferences emerged: Out of a total of 53 responses to the Question "State in order of preference 1-3 (3 being least favourite), should Creative Ireland Kerry:

Deliver one flagship each year	21.6%
Deliver a key project per municipal district	27.03%
Use 50% of funding to grant-aid creative community based projects	51.35%

- 51% of Respondents said to use 50% of Creative Ireland Kerry funding as grant aid towards creative projects based in communities
- 27% of Respondents said to deliver a key project in each MD
- 21% of respondents said to deliver one flagship project each year[2]

2. Survey Monkey ar líne, Éire Ildánach Chiarraí, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Chiarraí, Samhain 2017.

Online Survey Monkey, Creative Ireland Kerry, Arts Office, Kerry County Council. November 2017.

Chun roghanna laistigh den suirbhé a cháiliú iarradh ar fhreagróirí a rogha maidir le foirmeacha ealaíne le haghaidh mhaoiniú Éire Ildánach Chiarraí. Léirigh an ráta freagartha 32.26% rogha go dtabharfaí tacaíocht do gach foirm ealaíne.

Ina theannta sin, ba cheart a lua go raibh 26% de na freagraí i bhfabhar maoiniú do na hamharcealaíona. Gabhann tábhacht freisin leis an 9.68% de na freagraí i bhfabhar na litríochta.

Tá	81%
Níl	19%

In order to qualify preferences within the arts the survey respondents were asked to state specific artform preferences for CIK funding. A response rate at 32.26% of answers indicated a preference for all artforms to be supported.

In addition it must be noted that a preference for funding for visual arts achieved 26% of responses. Literature at 9.68% of responses is also of importance.

Yes	81%
No	19%

Féile Tóstal Chiarraí

Festival Pageantry Kerry

Bhí 80.56% de na freagraí i bhfabhar tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga rochtain a fháil ar chlár Éire Ildánach Chiarraí. Léiríodh i gcomhráite gur gá oibriú le daoine breacaosta agus rochtain a bhaint amach do gach duine. Oibreoidh Éire Ildánach Chiarraí chun an méid sin a chur i gcrích ag cur san áireamh ag an am céanna, cuirfear san áireamh an forluí tábhachtach le Colún 1 de chlár Éire Ildánach, is é sin, 'Acmhainn Chruthaitheach Gach Linbh a Chumasú'.

Na Tionscail Chruthaitheacha i gCiarraí

Iarradh arís agus arís eile le linn an phróisis comhairliúcháin go dtabharfaí tacaíocht chun tionscail chruthaitheacha rathúla a fhorbairt i gCiarraí. Níl sna healaíontóirí, ailtirí, léiritheoirí, déantóirí, dearthóirí, nuálaithe, cruthaitheoirí scannáin agus ábhair dhigitigh ach roinnt de na cleachtóirí cruthaitheacha atá ann sna tionscail chruthaitheacha. Is uaillmhian é an tionscal a iniúchadh agus aitheantas a fháil don ról riachtanach atá acu maidir lenár gcontae a fhorbairt amach anseo, rud a churfear i gcrích thar thréimhse chlár Éire Ildánach Chiarraí. Aithnítear sa straitéis an fíorghá atá le forbairt agus tacaíocht ina leith seo agus le freagra atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus a chuirfidh deiseanna sa mhargadh ar fáil.

Support artists to be involved in Creative Ireland Kerry

Tá	86%
Níl	14%

Advocacy in support of access to the CIK programme and resources declared very much in favour of young people at 80.56% of responses. Conversations detailed a very real need to work with older generations and to achieve access for all. Creative Ireland Kerry will work to achieve these declarations as well as bearing in mind the important overlap here with Pillar 1 of the Creative Ireland programme 'Enabling the Creative Potential of Every Child'

Creative Industries in Kerry

Support for the development of successful creative industries in Kerry was a repeated request communicated throughout the consultation process. Artists, creators, architects, producers, makers, designers, innovators, film and digital creators are just some of the creative practitioners that make up the creative industries. An audit of the industry and an acknowledgement of the essential role they play in the future development of our county is an ambition that will be realised over the course of the Creative Ireland Kerry programme. The strategy acknowledges the very real need for support and development in this regard and a response that is more bespoke in fashion and reflective of their needs and to develop market opportunities.

Support artists to be involved in Creative Ireland Kerry

Yes	86%
No	14%

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Éire Ildánach Chiarraí
Strategic Priorities for Kerry

Is léiriú iad na téamaí a fhorbraítear sa chuid seo den straitéis ar thosaíochtaí na bhfreagróirí a d'eascair as an gcomhairliúchán áitiúil. Beidh gnéithe d'obair bhaill na Foirne Cultúir sna blianta amach romhainn ailínithe le Straitéis Éire Ildánach lena chinntiú go gcothaímid, le chéile, Éire Ildánach Chiarraí. Éiríonn na tosaíochtaí straitéiseacha a luaitear sa doiciméad seo as tosaíochtaí nua, a aithníodh sa chomhairliúchán, deiseanna a chruthú d'fhorbairt na cruthaitheachta. Is iad na slata tomhais tábhachtacha a liostaítear thíos a thiomáineann forbairt na dtionscadal:

- Rannpháirtíocht an Phobail
- Tionchar fadtéarmach
- Foirmeacha nua comhoibrithe
- Obair idirdhisciplíneach

Tá na slata tomhais sin leagtha síos ag an leibhéal náisiúnta. Rinneadh na tionscadail atá roghnaithe lena gcur chun cinn i gCiarraí a roghnú toisc go gcomhlíonann siad na slata tomhais sin. Cuireadh san áireamh sa straitéis seo saincheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht, acmhainn, agus ról cleachtóirí cruthaitheacha agus tionchar an tionscadail.

The themes developed in this section of the strategy reflect fully the respondents priorities arising at local consultation. Elements of the work of the members of the Culture Team over the coming years will be aligned to the Creative Ireland Strategy to ensure that, collectively, we cultivate Creative Ireland Kerry. Strategic priorities detailed in this document arise from existing work and from new priorities, identified through consultation, to develop opportunities for creative development. Driving the development of the projects listed hereunder are the key measurement metrics of:

- Community engagement
- Long-term impact
- New forms of collaboration
- Inter-disciplinary work

These measurement metrics are set at national level. The projects that have been selected to go forward in Kerry have been selected as they fulfil these measurements. Issues of sustainability, capacity, the role of creative practitioners and the legacy in terms of project impact have also informed the strategy. The focus is on ensuring the value of creativity is embedded across sections and projects moving forward.

Téama (1) Rochtain ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht a leathnú inár bpobail ar fad:
Tá ról an phobail maidir le comhoibriú, rochtain agus forbairt dhíreach riachtanach má táthar chun clár Éire Ildánach Chiarraí a sheachadadh go rathúil.

Tosaíochtaí an Chláir:

1. Forbrófar Scéim Deontais do Phobail Chruthaitheacha faoi scáth Éire Ildánach Chiarraí. Deis a bheidh anseo do phobail agus d'eagraíochtaí a rannpháirtíocht chruthaitheach ina bpobail a struchtúrú agus a phleanáil. Cuirfear an scéim chun cinn le bunachair shonraí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus na Foirne Cultúir agus trí na meáin chumarsáide áitiúla i gCiarraí d'fhonn feasacht a ardú. Beidh rochtain ar chleachtóirí cruthaitheacha mar bhunchloch don chlár seo. Tabharfar tús áite don aistriú eolais, scileanna a roinnt agus rochtain ar bhealaí nua oibre trí na healaíona.

2. Cuirfear Clár Imeachtaí Leabharlann Chiarraí ar siúl ina mbeidh cuairteanna ó údair, taispeántais, saotharlanna, promóisin, cultúr agus an Ghaeilge, an clár litearthachta Ceart chun Léimh, imeachtaí scéalaíochta. Leanfaidh Leabharlann Chiarraí dá tiomantas a bailiúcháin a mhéadú agus a seirbhís taighde staire agus ginealais a fheabhsú agus a hacmhainní a dhigitiú. Féachfar ar an tionscadal Scéalaíocht Chiarraí.

3. Déanfar clár Ealaíontóir Cónaithe Oifig na nEalaíon a shíneadh chun rochtain níos fearr ar mheantóireacht ealaíne a chinntiú do níos mó daoine i gCiarraí. Tacaíonn Éire Ildánach Chiarraí, an Chomhairle Ealaíon agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, i bpáirt le hIontaobhaithe Theach Mhucrois, leis an ngníomh seo.

Theme (1) Extending access to arts and creativity across our communities:
The role of community in terms of collaboration, access and targeted development is essential to the successful delivery of the Creative Ireland Kerry programme.

Programme Priorities:

1. A new Creative Ireland Kerry Creative Communities Grant Scheme will be developed. This will take the form of an extended opportunity for communities and organisations to structure and plan for creative engagement in their communities. The Scheme will be promoted through the Public Participation Network and through Culture Team databases as well as through local media in Kerry in order to raise awareness. Access to creative practitioners will be the corner stone of this programme. Knowledge transfer, skills-sharing and access to new ways of working through the arts will be prioritised.

2. A Kerry Library Events Programme will develop output including author visits, displays, workshops, promotions, Irish language and culture, the Right to Read literacy programme, story-time events. Kerry Library will continue its commitment to growth of their collections as well as enhance the Kerry Library historical and genealogical research requests service and the digitisation of resources. The Scealaíocht Chiarraí/ Stories of Kerry project will be explored.

3. The Arts Office Artist in Residence programme will be extended in duration to ensure greater access to more people across Kerry to artform mentoring. This action is supported by Creative Ireland Kerry, The Arts Council and the National Parks and Wildlife Service in association with the Trustees of Muckross House.

4. Tabharfar tacaíocht don Chlár Scríbhneoireachta Cruthaithí 'Fighting Words' le Éire Ildánach Chiarraí i gcomhpháirt le hIonad Seanchaí Lios Tuathail agus forbrófar é mar dheis don chontae ar fad.

5. Tacaíocht chun forbairt agus oiliúint scileanna cruthaitheacha tríd an tionscnamh Grúpaí Ceoil Óige ar fud an chontae. Cinnteoidh sé seo go mbeidh rogha ag daoine óga canadh, seinm, cumadh agus scileanna cruthaitheachta a fhorbairt i ngach Ceantar Bardasach.

6. Tacófar leis an Oíche Chultúir mar mhórimeacht rochtana agus margaíochta sa chontae le níos mó ábhair agus próifíl níos airde a sholáthar agus bainfear tairbhe as na struchtúir náisiúnta. Aitheantas iontach don bhranda é seo agus le hacmhainní níos mó beidh deis ann an Oíche Chultúir a leathnú.

7. Bealach Ceoil Shliabh Luachra a fhorbairt lena charachtar ar leith agus a thábhacht d'oidhreacht cheoil Chiarraí agus aitheantas a thabhairt do chleachtadh comhaimseartha an cheoil i gCiarraí agus an cleachtadh sin a leathnú.

4. The 'Fighting Words' Creative Writing Programme will be supported through CIK in partnership with the Listowel Seanchaí Centre and developed as an extended opportunity for the entire county.

5. Support to access creative skills development and coaching with expression through Youth Music Groups Initiative across the county. This will ensure that the option to sing, play, compose and develop creativity skills as they relate to music is made available in every Municipal District and targeted at our young people.

6. Culture Night as a pinnacle event in terms of county-wide access and promotion will be supported by an increase of content and profile and through the event's current national structures. There is good recognition of the brand, with increased resources Culture Night has potential to expand.

7. Developing the Sliabh Luachra Music Trail and its distinct character and relevance to Kerry's music heritage as well as recognising and expanding the contemporary practice of it in Kerry.

Téama (2) An earnáil chultúir agus nuálaíocht chultúrtha a chothú

Tiománaí is ea an chruthaitheacht ar athruithe agus ar fhorbairt laistigh den earnáil cultúir. Cuid de mhianach ealaíontóirí, eagraíochtaí cultúrtha agus gairmithe cruthaitheacha é smaointe nua agus samhlaíocha a thabhairt chun críche. Cuireann an cumas chun smaoineamh go nuálaíoch go mór leis an gcumas againn réitigh ar leith ar fhadhbanna forbartha áitiúla a aimsiú. Bainfidh Éire Ildánach Chiarraí tairbhe as an stóras tallainne áitiúla agus náisiúnta chun nuálaíocht chruthaitheach a chur chun cinn in Éirinn. I measc na dtionscadal sonrach a thacaíonn leis an téama seo áirítear an méid seo a leanas:

Tosaíochtaí an Chláir:

8. Scéim Deontais do Phobail Chruthaitheacha a thabhairt isteach lena chinntiú go dtugtar tacaíocht chun tionscnaimh chruthaitheacha a fhorbairt a bheidh ábhartha dá gceantair féin agus a mhéadóidh teagmháil na saoránach leis an gcruthaitheacht. Tacófar le tionscadail cruthaitheacha agus uathúla (2018). Chun freastal ar iarratais ón bpobal maidir le conas is ceart maoiniú Éire Ildánach a leithdháileadh, coimeádfar 20% den mhaoiniú in aon bhliain faoi leith don tosaíocht seo.

Theme (2) Nurturing the creative sector and fostering cultural innovation:

Creativity is the driving force for change and development within the cultural sector. Turning new and imaginative ideas into reality is second nature to artists, cultural organisations, and creative professionals. The ability to think innovatively because of the application of creativity enhances our ability to find unique solutions to local development issues. Creative Ireland Kerry will tap into the local and national reservoir that exists with regard to creative innovation in Ireland today. Specific projects that support this theme include:

Programme priorities:

8. Introduction of a Creative Communities Grant Scheme to ensure communities are supported to develop creative initiatives relevant to their own areas that will increase citizen engagement with creativity. Culturally creative and unique projects will be supported (2018). In order to fulfil public requests with regard to how Creative Ireland funding to Kerry should be allocated, 20% of funding in any given year will be reserved for this priority.

9. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí maoirseacht ar iniúchadh agus ar mhapáil acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha áitiúla ina gcuirfear san áireamh cúig cholún Éire Ildánach. Cabhróidh sé seo leis an straitéis agus le plean gníomhachtaithe bliantúil Éire Ildánach Chiarraí a threorú. Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí le hoifig náisiúnta Éire Ildánach agus bainfear úsáid as an múnla náisiúnta iniúchóireachta chun an obair a chur chun cinn. (2019)

10. Forbróidh Éire Ildánach Chiarraí tionscadal cruthaitheach cultúrtha i ngach ceann de Cheantair Bhardasacha Chiarraí lena n-áirítear tionscadail i gCeantair Bhardasacha Thrá Lí, Chill Airne, Lios Tuathail agus Iardheisceart Chiarraí (2019–2022). Úsáidfear cistí chun mórthionscadal amháin i ngach Ceantar Bardasach a mbeidh ealaíontóir nó ealaíontóirí páirteach ann a chur i gcrích. Táthar ag súil go mbeidh cláir níos straitéisí ann dá bharr sin, ar cláir iad a mbeidh tionchar níos fadtéarmaí acu agus a déanfaidh Éire Ildánach Chiarraí a ailíniú le straitéisí eile de chuid Chomhairle Contae Chiarraí i réimsí a bhaineann leis na healaíona, leis an oidhreacht, leis an nGaeilge, le leabharlanna, agus le cúrsaí pobail, turasóireachta agus forbarttha eacnamaíche.

11. Úsáidfear cistí chun deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach sa chruthaitheacht a chothú tríd an litríocht. Cothóidh Éire Ildánach Chiarraí forbairt 'Fighting Words', an tionscnamh scríbhneoireachta cruthaithí a bheidh ag tosnú i Lios Tuathail in 2018. Forbrófar clár ceoil maidir le hamhránaíocht, seinm agus cumadh ceoil agus beidh sé á chur ar fáil saor in aisce i ngach Ceantar Bardasach.

9. Kerry County Council will oversee an audit and mapping of local cultural and creative resources, bearing in mind all five pillars of Creative Ireland. This will assist with informing the strategy and annual CIK activation plan in the next five years. Kerry County Council will work with the national CI office using the national audit model to progress this work. (2019)

10. CIK will develop key culturally creative projects in each of the Municipal Districts of Kerry including projects within the Tralee, Killarney, Listowel and South West Kerry MD's (2019–2022). Funds will be used to deliver a key project in each Municipal District that will involve an artist or artists. This is envisaged to deliver more strategic, longer term impact programmes that further align Creative Ireland Kerry to existing Kerry County Council strategies in arts, heritage, Irish language, libraries, community, tourism and economic development etc.

11. Funds will be used to cultivate creative engagement opportunities for children and young people through literature. CIK will nurture the development of the Fighting Words creative writing initiative in Kerry commencing in Listowel in 2018. A programme for music will be developed with regard to singing, music making and composition and available free in every Municipal District.

12. Oibreoidh Éire Ildánach Chiarraí i gcomhpháirt le struchtúir agus le soláthraithe turasóireachta cultúrtha chun mór-imeacht taibh-ealaíon amháin a chur ar fáil uair amháin sa bhliain ar shuíomh uathúil i gCiarraí.

13. Coimisiúnóidh Éire Ildánach Chiarraí léiriú sráide amháin in aghaidh na bliana in éineacht le soláthraithe gairmiúla léirithe sráide. Feabhsóidh an coimisiún paráidí áitiúla agus tionscnaimh ceiliúrtha baile. Cuirfear léiriú amháin ar siúl gach bliain i ngach ceantar bardasach le linn thréimhse chlár Éire Ildánach Chiarraí. Beidh siad seo ceangailte le rannpháirtíocht an phobail. Spreagfaidh Éire Ildánach Chiarraí grúpaí pobail chun ar féidir leo rannpháirtíocht ghníomhach agus tiomantas níos fadtéarmaí a thaispeáint iarratas a chur isteach.

14. Déanfaidh Aonad Eacnamaíoch Chomhairle Contae Chiarraí, i bpáirt le hIonad Taighde agus Nuálaíochta na Sceilge agus le Féile Cheoil agus Ealaíon Chathair Saidhbhín, tionscadal STEAM a fhorbairt, rud a bheidh mar phríomhchuid den Fhéile. Beidh an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht, na healaíona agus na matamaitic mar threoir di.

15. Dréachtóidh Oifig Caomhantais Chomhairle Contae Chiarraí Féile Ailtireachta do Chiarraí a thabharfaidh deis ceiliúrtha, eolas, agus idirghníomhaíocht i bpáirt le Fondúireacht Ailtireachta Éireann. Cuirfear é seo ar siúl le linn Mhí Ailtireachta na hÉireann.

12. CIK will work in association with cultural tourism support structures and providers to offer one key annual performing arts event at a unique Kerry location.

13. CIK will commission one street spectacle presentation per annum in association with professional street spectacle providers. The commission will enhance local parades and town celebratory initiatives. One spectacle per municipal district annually will be realised over the course of the CIK programme. These will be linked to community participation. CIK will encourage community groups to apply who can demonstrate active participation and longer term commitment.

14. The Economic Unit at Kerry County Council in association with Skellig CRI and in conjunction with Cahirciveen Festival of Music and the Arts will develop a STEAM project that will platform during the Festival. It will have as its guide the integration of science, technology, engineering, arts and maths.

15. The Conservation Office at Kerry County Council will devise a Festival of Architecture for Kerry with opportunity for celebration, information and interaction and in association of the Irish Architecture Foundation. This will take place during Irish Architecture Month.

16. Oibreoidh an Roinn Oidhreachta i gComhairle Contae Chiarraí ar thionscnamh na láithreán tréigthe a nascfaidh cleachtóirí agus ealaíontóirí cruthaitheacha le stair agus le hathshamhlú suíomhanna tábhachtacha i ndreacha baile Chiarraí. Roghnófar baile amháin in aghaidh na bliana.

17. Déanfaidh Oifig na Gaeilge i gComhairle Contae Chiarraí naisc le grúpaí agus le daoine chun tionscnamh Sheachtain na Gaeilge a fhorbairt don chontae.

18. Cuirfidh Músaem Chiarraí comhdháil ar siúl ar scéal na cruthaitheachta síos na blianta i gCiarraí. Comhdháil ardphróifile, seachtaine a bheidh ann ina mbeidh léachtaí, ceardlanna agus taispeántais scannáin lena ndéanfar iniúchadh ar fhréamhacha na cruthaitheachta. Is é atá i gceist ná forbairt chognaíoch an chine dhaonna a fhiosrú ionas go mbeimid in ann na haoiseanna a thaisteal chun teacht ar an daonnacht atá fréamhaithe sa chruthaitheacht.

19. Tionscnamh Ceoil Óige an Chontae – Trí aithris a dhéanamh ar an rath a bhí ar rochtain ar cheardlanna córchantana óige sna ceithre Cheantar Bhardasacha i gCiarraí in 2017. Déanfar feabhsú agus leathnú ar an gclár le go mbeifear in ann tionscnaimh cheoil a fhorbairt ina spreagfar canadh, seinm uirlise agus cumadh ceoil agus oibríonn i bpáirt le ceoltóirí. Forbróidh an clár ceoil an cumas oibriú ar bhealach spriocdhírithe i bpobail ina bhfuil neamhionannas i ndáil le rochtain ar dheiseanna ceoil le linn thréimhse na straitéise.

16. The Heritage Section in Kerry County Council will work on a derelict sites initiative linking creative practitioners and artists to the history and reimagining of key locations in the townscapes of Kerry. One town per year will be chosen.

17. The Irish Office at Kerry County Council will link with interested groups and individuals to develop a Seachtain Na Gaeilge initiative for the county.

18. Kerry County Museum will programme a conference tracing the development of creativity through the ages in Kerry. This will be a high-profile, week-long conference, combining lectures, workshops and film screenings that will explore the roots of creativity. The idea is to explore the cognitive development of the human species so that we can reach across the ages and discover a common humanity that is rooted in creativity.

19. County Youth Music Initiative – Building on the success of making accessible youth choral workshops across the four Kerry Municipal Districts in 2017. An expansion of this programme will allow for the development of music initiatives which embrace voice instrumentation and composition and which will work in association with music providers. The music programme will develop capacity to work in a targeted fashion in communities where there is an inequality in terms of access the music opportunity over the course of the strategy.

Téama (3) Ár bpróifíl agus ár mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach a fheabhsú.

Is é an chéad chéim againn chun poitéinseal gach acmhainne a chomhlíonadh ná na hacmhainní cultúrtha atá againn faoi láthair sa chontae a thuiscint. I measc na n-acmhainní tá foirgnimh a úsáidtear chun críocha cultúrtha chomh maith le hacmhainní ar líne agus cultúr agus trealamh ealaín-bhunaithe. Is minic a úsáidtear spásanna ina bhfuil áiseanna cultúrtha agus acmhainn theicniúil mar spásanna pobail. Is cuid de stóras cruthaitheachta an chontae iad spásanna gairmiúla ealaíne, spásanna ceardlainne agus stiúideo le húsáid ag an bpobal. Cabhraíonn na nithe seo ar fad linn soláthar, oiriúnú agus athchóiriú na spásanna seo a thuiscint. Tá sé seo i gcomhréir le gairm náisiúnta 2018 le haghaidh iarratas i leith bonneagar caipitiúil faoi Chlár Éire Ildánach.

Tosaíochtaí an Chláir:

20. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí maoirseacht ar iniúchadh agus ar mhapáil acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha áitiúla ina gcuirfear san áireamh cúig cholún Éire Ildánach. Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí le hoifig náisiúnta Éire Ildánach agus bainfear úsáid as an múnla náisiúnta iniúchóireachta chun an obair a chur chun cinn. Feabhsófar bunachar sonraí na n-ealaíontóirí, grúpaí agus cleachtóirí cruthaitheacha atá ag obair faoi láthair sa chontae leis an tionscadal seo chun feiceálacht na dtionscal cruthaitheachta i gCiarraí a chinntiú.

Theme (3) Enhancing our cultural and creative profile & infrastructure

Understanding the cultural resources that we currently have in the County is the first step in realising the potential of each resource. Resources include physical buildings that are used for cultural purposes as well as online resources and culture and arts based equipment. Spaces with cultural facilities and technical capacity are often community used spaces. Professional arts spaces, workshop and studio spaces for use by the public are all part of the county's creative asset bank. All these and more help us understand the availability, adaptation and regeneration of spaces. This is in line with the 2018 national call for capital infrastructure applications under the Creative Ireland Programme.

Programme priorities:

20. Kerry County Council will oversee an audit of local cultural and creative resources, bearing in mind all five pillars of Creative Ireland, which can inform the strategy and activation plan in the next five years. Kerry County Council will work with the national CI office using the national audit model to progress this work. The database of contacts for artists, groups and creative practitioners currently working in the county will be enhanced and developed through this project so as to ensure a far greater visibility of the creative industries in Kerry.

21. Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí i gcomhpháirt leis an earnáil oideachais agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile chun moil chultúir a fhorbairt i gCiarraí. Beifear ag obair i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile agus le pobail agus fiosrófar moil chruthaitheachta agus cuirfear ar fáil iad nuair is féidir. Léiríodh an-spéis i láithreán Oileán na nGéanna i dTrá Lí sa chomhairliúchán poiblí 'Share My Idea' in 2014. Léirigh na torthaí gur rangaíodh úsáid chultúrtha agus ealaíon ag 14.19% i ndiaidh úsáid mheasctha ag 32% . Ar an gcuma chéanna léirigh na torthaí maidir le húsáid Áras Phádraig i gCill Airne go rabhthas i bhfabhar é a úsáid mar áis ealaíon. Moladh forbairt ilúsáide i measúnacht féidearthachta agus i dtuarascáil athshamhlaithe. "Ag éirí as an bpróiseas forbartha atá beartaithe, ba léir gur féidir ionad ealaíon comhtháite, áis oiliúna, spás cruinnithe pobail, agus spás oifige a chur ag obair i gcomhar le saoráidí eile…chun inbhuanaitheacht a chinntiú don áis". In 2018 rachaidh Comhairle Contae Chiarraí i mbun céim nua de phleanáil réime ina n-úsáidfear torthaí chomhairliúchán Éire Ildánach Chiarraí chun treoir a thabhairt do na próisis chomhairliúcháin. D'fhéadfaí ionad léinn a fhorbairt ar chuar na Scealg, agus nasc á dhéanamh le stair na mainistreacha agus le traidisiúin na litríochta agus na scéalaíochta. Tiocfaidh roghanna nua chun cinn maidir leis seo trí fhorbairt ar an bplé le soláthraithe maoiniúcháin ag an leibhéal náisiúnta agus leis an earnáil oideachais agus le heagraíochtaí amhail Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus an Bord Oideachais agus Oiliúna.

21. Kerry County Council will work in partnership with the education sector and other agencies and organisations to develop cultural hubs in key locations in Kerry. Working in partnership with other agencies and communities, developing creativity hubs will be investigated and delivered where possible. The Island of Geese site in Tralee received significant support from public consultation in the 'Share My Idea' Open Call in 2014. Findings showed that following mixed use of the site at 32%, arts and cultural use ranked at 14.19%.[3] Similarly, findings with regard to the use of the Áras Phádraig in Killarney favoured its use as an arts facility. A feasibility evaluation and a reimagining report recommended a multi-use development option. "Emerging from the proposal development process, it was clear that the identified uses of an integrated arts centre, training facility, community meeting space, and office space are capable of operating in conjunction with others…to assure sustainability of the facility".[4] In 2018 Kerry County Council will approach a new phase of area planning in which CIK consultation findings will assist in informing consultation processes. There is potential to develop a seat of learning on the Skellig Ring, linking to monastic history, traditions in literature and storytelling. Developing dialogue with funding providers at national level and with the education sector and through organisations like Tralee Institute of Technology, University College Cork and Kerry Education and Training board may highlight options in this regard.

3. 'Comhairliúchán Poiblí, 'Share my Idea', Aonad Um Fhorbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae Chiarraí, 2014-2020
'Share My Idea, Public Consultation Findings', Economic Development Unit, Kerry County Council, 2014-2020

22. Sa chomhairliúchán poiblí aithníodh gá ar leith i measc amharc-ealaíontóirí agus taibh-ealaíontóirí le spásanna cruthaitheachta inar féidir oibriú agus teacht le chéile. Déanfar spásanna a fhorbairt chun tacú leis na healaíona uile, e.g. amharcealaíona, scannánaíocht, amharclannaíocht, chomh maith le spás don earnáil chruthaitheach i gcoitinne, ceardaíocht, dearadh, meáin dhigiteacha, etc. a fheidhmeoidh mar spásanna goir do thallann nua atá ag teacht chun cinn a mheas faoi réir tacaíocht chaipitiúil a bheith ar fáil ag an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta. Oibreoidh Éire Ildánach Chiarraí le gníomhaireachtaí comhpháirtíocha, nuair is féidir, chun tabhairt faoin riachtanas seo. Díreoidh sé a iarrachtaí go háirithe ar shruthanna maoiniúcháin áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a aimsiú agus tacaíochtaí eile a ghiaráil nuair is ann dóibh. Athfhorbrófar an tIonad Cultúrtha i gCill Airne ionas gur fearr a fhreastalóidh sé mar ionad do thaispeántais ealaíon agus cruthaitheachta.

23. Forbrófar Clár Forbartha don Earnáil Chruthaitheach tar éis tionscnamh píolótach in Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí in 2018. An aidhm leis seo ná cabhrú le cleachtóirí cruthaitheacha a gcuid saothar a thabhairt go dtí an margadh, cabhrú lena gcleachtas aonair a fhorbairt agus deiseanna a ghnóthú ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'fhéadfaí Cill Rialaig in iardheisceart Chiarraí margadh foghlama suntasach a mhealladh go dtí an contae, arna éascú ag ealaíontóirí san ionad agus na healaíona a nascadh leis an turasóireacht agus leis an bhforbairt eacnamaíoch áitiúil. Éascófar éiceachóras tacaíochta agus deiseanna d'ealaíontóirí lena mbeidh comhairle agus saineolas ar fáil do chleachtóirí cruthaitheacha i gCiarraí. Is é atá i gceist ná tacaíocht a thabhairt do chleachtais aonair le súil go dtiocfaidh fás ar an margadh dá saothair.

22. Public consultation identified a distinct need among visual and performing artists for more creative spaces from which to work and to meet. The development of spaces to support arts across artforms, e.g. visual arts, film, theatre, as well as space for the wider creativity sector, craft, design, digital media, etc to act as incubation spaces for emerging creative talent will be considered subject to capital support at national or international level. CIK will work with partner agencies, where possible, to address this need. In particular it will focus its efforts to source local, national and international funding streams and the leveraging of other supports as available. The Cultural Centre in Killarney will be redeveloped to better facilitate arts and creative showcases, practice and public engagement.

23. A Creative Sector Development Programme will develop following a pilot initiative at Kerry Local Enterprise Office in 2018. The aim is to assist creative practitioners to bring their work to market, to assist with individual practice development and to secure local, national and international opportunities. Cill Rialaig in South West Kerry has potential to attract a significant learning market to the county, facilitated by artists at the centre and linking arts and tourism to local economic development. An eco system of support and opportunity for artists will be facilitated whereby advice and expertise for creative practitioners is offered in Kerry regularly. The intention is to support individual practices so that increasing markets for work might emerge and be prioritised.

4. 'Reimagining Áras Phádraig, Feasibility Study and Business Plan', Exodea Consulting, June 2017.
'Reimagining Áras Phádraig, Feasibility Study and Business Plan', Exodea Consulting, June 2017.

24. Úsáidfear sciar den mhaoiniú do riarachán, doiciméadacht, fógraíocht agus caidreamh poiblí. Beidh ról ríthábhachtach ag measúnacht agus, chomh maith leis sin, ag an mbonneagar feidhmiúcháin is gá le go mbeidh rath ar an gcúram. San aiseolas ón bpobal tugadh an-tacaíocht don fheasacht ar an gcruthaitheacht a ardú sa chontae. Is cuid lárnach den straitéis seo é próifíl chultúrtha agus chruthaitheach Chiarraí a ardú. Leanfar den chlár 'Creative Kingdom' le Raidió Chiarraí agus úsáidfear é mar dheis don phobal próifíl a thabhairt dá gcuid oibre faoi Éire Ildánach Chiarraí.

25. Féachfar arís ar ról riachtanach na scannánaíochta sa chontae i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Leis an socrú comhpháirtíochta le Comhairle Contae Chiarraí díreofar ar an gcontae a chur chun cinn mar shuíomh scannáin. Beidh sé riachtanach go mbeidh sainscileanna scannánaíochta agus foireann oilte ar fáil. Déanfar an tacar scileanna sa chontae i gcomhthéacs na scannánaíochta a fhiosrú san iniúchóireacht ar acmhainní. (Gníomh 8, lch. 24). Sa ghníomh seo beifear ag obair ar chleachtóirí, scileanna agus teagmhálacha a thabhairt le chéile ar an mbunachar sonraí. Nascfaidh an gníomh seo le colún 4 de chlár Éire Ildánach chun tacaíocht a thabhairt do na Tionscail Chruthaitheacha agus Éire mar lárionad Barr Feabhais do Léiriú na Meán. Ní foláir ardán a thabhairt do mhealltacht Chiarraí mar shuíomh agus ionad ina bhfuil teacht ar na sainscileanna cuí.

26. Cinnteoidh Éire Ildánach Chiarraí cumarsáid rialta leis na meáin áitiúla agus náisiúnta chun feasacht a ardú maidir leis an gclár agus maidir le tionchar an chláir ar fud Chiarraí.

24. A portion of funds will be used for administration, documentation, advertising and public relations. The essential role of evaluation will be required as well as the required operational infrastructure for successful delivery. Public feedback voiced support for greater awareness of creativity in the county. Raising Kerry's cultural and creative profile is central to this strategy. A continuation of the Creative Kingdom programme with Radio Kerry will be maintained and used as an opportunity for the community to profile their work under CIK.

25. The essential role of Film in the county will be further explored in association with Kerry Education and Training Board. A partnership arrangement with Kerry County Council will focus on the promotion of the county as a location for film. Film production expertise and trained staff will be an essential requirement. The skill set of the county with regard to film production will be explored through the audit of resources (Action 8, pg. 24). Centralising a database of practitioners, skills and contacts will be worked on. This action will link to Pillar 4 of the Creative Ireland programme and the national initiative to support the Creative Industries and Ireland as a Centre of Excellence in media production. Kerry and the attractiveness of the county in terms of location and its access to expertise requires a significant platform.

26. Creative Ireland Kerry will ensure regular communication with local and national media to raise awareness of the extent of the programme and its impact across Kerry.

Téama (4) Ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a chothú agus tacú leo:
Aithnítear sa straitéis an ról tábhachtach atá ag cleachtóirí cruthaitheacha i saol an chontae. De réir an chomhairliúcháin phoiblí a bhí ann le linn an straitéis seo a réiteach, tá tiomantas láidir ann i leith ról na n-ealaíontóirí agus na ndaoine cruthaitheacha inár bpobail. Tugtar tacaíocht sa straitéis seo do dheiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí cónaí anseo agus a ngairmeacha a fhorbairt. Oibreoidh Éire Ildánach Chiarraí i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta lena chinntiú gur féidir le daoine cruthaitheacha cónaí agus saothrú i gCiarraí. Tacú le ról na cruthaitheachta sa phobal le cistí pobail don chruthaitheacht a chabhróidh le healaíontóirí agus daoine cruthaitheacha bheith rannpháirteach sa phobal.

Tosaíochtaí an Chláir:

27. Forbróidh Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí clár forbartha gairme agus seirbhís meantóireachta fiontair do chleachtóirí cruthaitheacha in 2018. Tá an obair seo i gcomhréir le fócas ar na tionscail chruthaitheacha, is é sin, Colún 4 de chlár Éire Ildánach.

28. Le síneadh ama don chlár um Ealaíontóir Cónaithe i gCiarraí beidh dlús níos mó sa saothar agus tionchar níos mó aige agus beifear in ann cónaitheachtaí ealaíne a chruthú le linn thréimhse Straitéis Éire Ildánach Chiarraí. Leanfar den chomhoibriú idir an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Iontaobhaithe Theach Mhucrois agus cuirfear feabhas air nuair is féidir.

Theme (4) Nurturing and Supporting Artists and other creators:
The pivotal role that creative practitioners play in the life of the county is acknowledged in this strategy. Public consultation whilst compiling this strategy reaffirmed a very strong commitment to the role of artists and creative people in our communities. Providing opportunities for artists to live and work and develop their creative careers is endorsed in this strategy. Creative Ireland Kerry will work in association with national agencies to ensure there is opportunity for creatives to live and work from Kerry. Supporting the role of creativity in community through creative community funds to support artists and creatives to engage with communities.

Programme Priorities:

27. Local Enterprise Office Kerry will develop a professional development programme and enterprise mentoring service for creative practitioners in 2018. This work aligns with a focus on the creative industries, Pillar 4 of the Creative Ireland programme.

28. A time extension to the Artist in Residence Programme in Kerry will allow for a greater intensity and impact of the work and the creation of additional artform residencies over the course of the CIK Strategy. The continued collaboration between the National Parks and Wildlife Service and the Board of Trustees of Muckross House will be maintained and enhanced where possible.

29. Tacófar le gach Ceantar Bardasach i gCiarraí aon mhórthionscadal amháin a fhorbairt dá gceantar sonrach féin. Déanfar Mórthionscadail na gCeantar Bardasach, a bheidh dírithe ar chultúr agus ar chruthaitheacht i gCeantair Bhardasacha Thrá Lí, Chill Airne, Lios Tuathail, agus Iardheisceart Chiarraí, a reáchtáil le linn thréimhse na straitéise.

30. Trí fhorbairt a dhéanamh ar Cruinniú, tarraingeofar aird, mar chuid dá chlár agus dá chur i láthair in 2018, ar an ról tábhachtach atá ag daoine óga i saol cruthaitheach an phobail. Sna ceardlanna agus sna himeachtaí, déanfar cruthaitheacht an aosa óig a cheiliúradh agus méadófar na deiseanna rochtana agus rannpháirtíochta.

Tionchar Éire Ildánach Chiarraí a thomhas:

Is é aidhm straitéiseach uileghabhálach an chláir an luach agus na heispéiris a ghabhann leis an gcruthaitheacht i gCiarraí a mhéadú. Tá pobail chomh maith le healaíontóirí ríthábhachtach chun an uaillmhian seo a fhíorú. Déanfar na himeachtaí agus cláir sna Pleananna Gníomhachtaithe bliantúla a thomhas le tacar príomh-thascairí. Seo thíos na táscairí:

- Rannpháirtíocht Saoránach - an líon daoine a ghlacann páirt sa chlár (cainníochtúil)
- Teistiméireachtaí na rannpháirtithe agus na n-éascaitheoirí maidir leis an gcruthaitheacht agus leis an bhfolláine fheabhsaithe a soláthraíodh le Éire Ildánach Chiarraí (cáilíochtúil)
- Áirítear anseo ionchar fadtéarmach gach tionscadail, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, i dtéarmaí smaointeachais, tionchair agus oidhreachta

29. Each Municipal District in Kerry will be supported in developing one key project for their distinctive area. Municipal District Key Projects which focus on culture and creativity in the Municipal Districts of Tralee, Killarney, Listowel and South West Kerry will be delivered over the lifetime of the strategy.

30. The development of the Crinniú event will highlight in its programming and presentation in 2018, the essential role that young people play in the creative life of the community. Workshops and events will celebrate the creativity of young people and increase opportunities for access and participation.

Measuring the impact of Creative Ireland Kerry:

The overarching strategic intent of the programme is to amplify our individual and collective valuing and experiences of creativity in Kerry. Communities as well as artists are central to this ambition. Events and programmes in the yearly Activation Plans will be measured using a set of key indicators. The indicators are detailed as follows:

- Citizen engagement – the actual number of people participating in the programme (quantitative)
- The testimonials of participants and facilitators as to the enhanced creativity and wellbeing afforded via Creative Ireland Kerry (qualitative)
- The long term impact of each project (both quantitative and qualitative) in terms of reflection, impact and legacy.

- Déanfar monatóireacht ar an méadracht seo a leanas chun a chinntiú go léireoidh tionscadail an uaillmhian go bhfeabhsófar rannpháirtíocht an phobail, leibhéal an tionchair fhadtéarmaigh agus na hinbhuanaitheachta; iarrachtaí cineálacha nua comhoibrithe a chothú agus leibhéal na hoibre idirdhisciplíní a ardú.

Chun an mhéadracht seo a fhorbairt tuilleadh, aithníonn Éire Ildánach Chiarraí go bhfuil ról tábhachtach ag gabháil le measúnú. Déanfar an mhaitrís a leathnú sna réimsí seo a leanas:

Rannpháirtíocht an Phobail: Rannpháirtíocht, ceannaireacht agus eispéireas an phobail mar a bhaineann le clár nó imeacht. Déanfar breithniú ar anailís ar an líon daoine a fhreastalaíonn nó a ghlacann páirt. Beidh cáilíocht agus caighdeán na dtionscadal agus na gclár ina slat tomhais i gcónaí. Spreagfar nuair is féidir aistriú ó eispéireas éighníomhach go heispéireas rannpháirteach. Is é an aidhm ná go rachaidh leibhéal agus doimhneas chlár Éire Ildánach Chiarraí i bhfeidhm ar phobail.

Tionchar Fadtéarmach: Baineann an ghné seo leis an rian fadtéarmach a fhágann an tionscadal ar shaol daoine. Cabhróidh suirbhéanna agus sampláil cháilíochtúil leis an bproiseas seo.

- The following metric will at all times be monitored to ensure that projects reflect the ambition for enhanced community engagement, the degree of long-term impact and sustainability; efforts at new forms of collaboration and the degree of inter-disciplinary work.

To develop the metric further Creative Ireland Kerry recognises the essential role of evaluation. The evaluation matrix is further expanded in the following areas:

Community Engagement: The degree to which a community or communities participate, lead or have experience of a programme or event. An analysis of the numbers in attendance/ participating will be considered. Quality and standards with regard to projects and programmes will be a consistent barometer. The transition from passive experience to progressive interaction will be encouraged where possible. The aim is to ensure that the level and depth of the Creative Ireland programme resonates with communities.

Long Term Impact: This aspect explores the degree to which a project makes a lasting impression on people's lives. Surveys and quantitative sampling will assist this process.

Foirmeacha nua comhoibrithe: Cuirtear san áireamh an tslí ina bhforbraíonn eagraíocht bealaí nua chun oibriú le comhpháirtí nua nó le foirm ealaíne nua. Chun measúnú a dhéanamh ar an ngné seo i dtéarmaí a aschuir cháilíochtúil beidh gá le modheolaíocht ina mbeidh suirbhé ar líne, athbhreithniú ag grúpa fócais agus ag grúpaí oibre idirghníomhaireachta. Cuireadh san áireamh agus Éire Ildánach Chiarraí á phleanáil, líon agus raon na gcomhpháirtíochtaí nua idir ranna Chomhairle Contae Chiarraí. Aidhm bhunúsach is ea an ról agus tábhacht an tionchair chultúrtha a lárú.

Obair idirdhisciplíneach: Chun luach agus ábharthacht na dtionscnamh nua sa réimse seo a thuiscint beidh gá le pleanáil cháiréiseach agus measúnú níos fadtéarmaí. Slata tomhais ábhartha is ea iad dhá réimse, roinn, fhoirm ealaíne nó phobal a thabhairt le chéile. Cuirfear san áireamh i ndáil leis seo an cumas dul i bhfeidhm ar bhealach oibre, ar chóras nó ar phróiseas nós imeachta a mbíonn toradh dearfach air do phobail.

Buíochas le:
Fuarthas treoir don Straitéis seo ó Fhoireann Éire Ildánach Chiarraí na Comhairle Contae, ó chomhairliúchán poiblí, ó ghrúpaí earnála agus grúpaí fócais agus ó dhaoine aonair. Ár mbuíochas leo sin ar fad a chabhraigh linn.

Ár mbuíochas le hOifig Náisiúnta Éire Ildánach as an gcomhairle, as an treoir, agus as an tacaíocht a thugadar.

Ba iad Kate Kennelly, Oifigeach Ealaíon/ Comhordaitheoir Éire Ildánach agus Deirdre Enright, Cúntóir Tionscadail Éire Ildánach a chuir an Straitéis le chéile.

Ár mbuíochas freisin le Bainistíocht Shinsearach Chomhairle Contae Chiarraí agus leis an gCoiste um Polasaí Straitéiseach a mhaoirsíonn na hEalaíona, Turasóireacht, Cultúr agus Áineas.

New forms of collaboration: The degree to which an organisation develops a way of working with a new partner or through a new artform is a consideration. Evaluating this aspect in terms of a qualitative output will require a methodology which will include online survey, focus group review and interagency working groups. The number and range of new collaborations between sections within Kerry County Council has been a requirement throughout Creative Ireland Kerry planning. Centralising the role and importance of cultural impact is a central ambition.

Inter-disciplinary Work: Understanding the value and relevance of new departures in this area will require careful planning and longer term assessment. Combining two different fields, sections, art forms, or communities are all relevant barometers. The ability to affect a future way of working, a system or procedural process which results in a positive outcome for communities, are all considerations in this regard.

Thanks to:
Strategy is informed by Kerry County Council's Creative Ireland Kerry Team, public consultation, sector and community focus groups and individuals. Thanks to all who gave of their time.

Thanks to the National Creative Ireland Office for guidance, support and direction.

Strategy compiled by Kate Kennelly, Arts Officer/Creative Ireland Coordinator and Deirdre Enright, Creative Ireland Project Assistant.

Thanks to the Senior Management at Kerry County Council, and the Strategic Policy Committee overseeing Arts, Tourism, Culture and Recreation for consideration.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022